

## Scéalta Spóirt

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi scéalta spóirt an lae. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a cheangal leis na focail ar dheis?

1. incident	a. <i>buille éirice</i>
2. full-forward	b. <i>leatosaí láir</i>
3. with his hurley stick	c. <i>lena chamán</i>
4. action	d. <i>ceachtar acu</i>
5. that he wasn't banished	e. <i>ceadaíodh é</i>
6. he was allowed	f. <i>eachtra</i>
7. penalty shot	g. <i>nár díbríodh é</i>
8. either one of the two	h. <i>lárchoiste smachta</i>
9. central disciplinary committee	i. <i>i gcomharbas</i>
10. centre half-forward	j. <i>lántosaí</i>
11. succession	k. <i>gníomh</i>

<b>1</b>	<b>2</b>	<b>3</b>	<b>4</b>	<b>5</b>	<b>6</b>	<b>7</b>	<b>8</b>	<b>9</b>	<b>10</b>	<b>11</b>

Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

### Ceist 2

Féach ar an mhír uair amháin eile agus féach ar na habairtí seo a leanas. An bhfuil siad fíor nó bréagach?

1. Chonaic an réiteoir Johnny Maher ag bualadh beirt imreoirí ó fhoireann Naomh Tomás.
2. Ghlac Maher an buille éirice agus scórail sé cúl.
3. Thug sé cic d'fhear eile fós agus chonaic an réiteoir an eachtra an t-am sin.
4. Beidh Niall Carew ina bhainisteoir nua ar fhoireann peile Phort Láirge.
5. Bhí Brian Geary ag imirt i gcroílár na cosanta go dtí deireadh a ghairme.

### Ceist 3

Éist leis an mhír uair amháin eile agus roghnaigh an contae ceart lena mbaineann na himreoirí:

**Johnny Maher**  
**Niall Carew**  
**Johnny Owens**  
**Brian Geary**

**Co. Chill Dara**  
**Co. na Gaillimhe**  
**Co. Luimnigh**  
**Co. Phort Láirge**

**Ceist 4** ‘...chaith sé...’

- (a) Cén aimsir lena mbaineann an briathar thuas?  
(b) Féach ar na briathra thíos san aimsir chaite agus san aimsir láithreach agus breac síos na difríochtaí a fheiceann tú leis an duine in aice leat.

Caitheann sé / An gcaitheann sé? / Ní chaitheann sé  
Chaith sé / Ar chaith sé / Níor chaith se

Imríonn sé / An imríonn sé? / Ní imríonn sé  
D’imir sé / Ar imir sé? / Níor imir sé

- (c) Breac síos cúig rud a rinne tú ag an deireadh seachtaine.  
(d) Cuir ceist ar an duine in aice leat faoi cad a rinne sé ag an deireadh seachtaine.

**Ceist 5** ‘...lárchoiste...’

- a) Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an dara cuid den fhocal thuas?  
b) Cuir na focail ar chlé leis na focail ar dheis chun focail nua a chruthú:

comh	fuaim:	_____
sráid	baile:	_____
féin	muinín:	_____
dlúth	diosca:	_____
comh	brón:	_____

- c) Cad faoi fhocail a thosaíonn le d / t / s / l / n? Féach ar an sampla ón mhír:  
**lántosaí.**

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An imríonn tú féin spórt ar bith? Cad é?  
Cad a cheapann tú faoin chineál foréigin a léiríodh sa mhír? Cén fáth?  
Cad a cheapann tú faoi lúthchleasaithe ag glacadh drugaí?

## Freagraí

### Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
f	j	c	k	g	e	a	d	h	b	i

### Ceist 2

1. Bréagach.
2. Fíor.
3. Bréagach.
4. Fíor.
5. Bréagach.

### Ceist 3

Johnny Maher	Co. na Gaillimhe
Niall Carew	Co. Chill Dara
Johnny Owens	Co. Phort Láirge
Brian Geary	Co. Luimnigh

### Ceist 4

- (a) An aimsir chaite

An Aimsir Láithreach	An Aimsir chaite
<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cuirtear na deirí –(e)ann/ (a)íonn leo</li> <li>- Ní chuirtear séimhiú ar na briathra ach amháin tar éis ‘Ní’</li> <li>- An + urú = an fhoirm cheisteach</li> <li>- Ní + séimhiú = an fhoirm dhiúltach</li> <li>- Ní chuirtear séimhiú nó urú ar bhriathra a thosaíonn le guta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Níl aon deirí leis na briathra</li> <li>- Cuirtear séimhiú ar an bhriathar san aimsir chaite</li> <li>- Ar + séimhiú = an fhoirm cheisteach</li> <li>- Níor + séimhiú = an fhoirm dhiúltach</li> <li>- Cuirtear ‘d’ ar bhriathra a thosaíonn le guta (nó le f + guta)</li> </ul>

### Ceist 5

- Nuair a cuirtear dhá fhocal le chéile chun comhfocal a chruthú cuirtear séimhiú ar an dara focal nuair is féidir.
- comhfhuaim, sráidbhaile, féinmhuinín, dlúthdhiosca, comhbhrón
- Ní féidir séimhiú a chur ar d / t / s / l / n tar éis d / t / s / l / n.

### Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceistanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

### **Ruairí Mac Con Iomaire**

Agus d'fhéadfadh lárchoiste cluichí na Gaillimhe breathnú arís ar eachtra a tharla ag druidim le deireadh an chluiche ceannais<sup>i</sup> nuair a bronnadh poc éirice ag an lántosaí Bhaile Locha Riach Johnny Maher. Feictear Maher ag bualadh beirt d'imreoirí Naomh Tomás<sup>ii</sup> lena chamán, gníomh is léir nach bhfaca an réiteoir Eoin O' Shaughnessy bíodh is nár díbríodh den pháirc é mar ba chóir, go deimhin ceadáíodh do Maher an buille éirice a bhualadh é féin agus scóráil sé cúl. Feictear ansin é áfach ag tarraingt cic ar fhear eile fós ach is léir nach bhfaca an réiteoir ach an oiread. De bharr nár dhéileáil an réiteoir le ceachtar eachtra tá an chumhacht anois ag lárchoiste smachta an chontae déileáil leis agus an brú ag méadú orthu sa gcontae<sup>iii</sup> amhlaidh a dhéanamh.

Ag fanacht le cluichí Gaelacha agus tuigtear dúinn go bhfuil iar-roghnóir de chuid Chontae Chill Dara, Niall Carew, le ceapadh anocht ina bhainisteoir nua ar fhoireann peile Phort Láirge. Tiocfaidh Carew i gcomharbacht<sup>iv</sup> ar Johnny Owens. Agus tá sé fógartha inniu leis ag captaen (ní chloistear) iar-chaptaen iomána Luimnigh Brian Geary go bhfuil seisean ag éirí as an gcluiche idir-chontae. Tá Geary ag treabhadh an chosáin le foireann an chontae sin ó 1999 i leith. É ina chaptaen ar an bhfoireann a chaill cluiche ceannais na hÉireann in aghaidh Chill Chainnigh cúig bliana ó shin. Cé gur chaith sé blianta fada i gcroílár na cosanta is ina leath-thosaí<sup>v</sup> láir a bhí sé ag imirt i mbliana faoi stiúir John Allen.

---

<sup>i</sup> *chluiche ceannais* a deirtear

<sup>ii</sup> *Naomh Thomáis* a deirtear

<sup>iii</sup> *sa chontae* atá sa chaighdeán

<sup>iv</sup> *i gcomharbas* atá sa chaighdeán

<sup>v</sup> *Leatosáí* atá sa chaighdeán